Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Nollaig 2022
(OR. en)

15347/22
ADD 2

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0386(NLE)

TRANS 750
RELEX 1612

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht CINNEADH ÓN gCOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE hIOMPAR LASTA DE BHÓTHAR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT NA MOLDÓIVE maidir leis an leanúint leis an gComhaontú |

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. 2/2022**
**ÓN gCOMHCHOISTE**
**ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ**
**MAIDIR LE hIOMPAR LASTA DE BHÓTHAR**
**IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT NA MOLDÓIVE**

**an ...**

**maidir leis an leanúint leis an gComhaontú**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive[1], agus go háirithe Airteagal 6(6) de,

[1] IO AE L 181, 7.7.2022, lch. 4.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 1/2022 uaidh an [15 Nollaig 2022°], ghlac an Comhchoiste a Rialacha Nós Imeachta.

(2) Mar a leagtar amach in Airteagal 5(1) den Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive ('an Comhaontú'), tá an Comhaontú le feidhm a bheith aige go dtí an 31 Márta 2023.

(3) Mar a leagtar amach in Airteagal 6(2) den Chomhaontú, tá an Comhchoiste le tionól 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin, lena n-áirítear fad na leanúna.

(4) Léirigh an faireachán a rinneadh ar an gComhaontú go bhfuil an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive araon tar éis tairbhí a bhaint as i dtéarmaí trádála, agus go bhfuil oibreoirí iompair de bhóthar an dá pháirtí tar éis tairbhe a bhaint as an méadú ar sheirbhísí iompair de bhóthar freisin.

(5) Chuir an Comhaontú ar chumas Phoblacht na Moldóive tús a chur lena trádáil a atreorú i dtreo an Aontais, agus dá bhrí sin, rannchuidigh sé le geilleagar na Moldóive a chomhtháthú de réir a chéile i ngeilleagar an iarthair. In éineacht le comhaontú inchomparáide maidir le hiompar de bhóthar a síníodh leis an Úcráin, d'éascaigh sé freisin onnmhairiú earraí na hÚcráine, rud a rannchuidigh leis na Lánaí Dlúthpháirtíochta.

(6) Ba cheart féachaint ar fhadú an Chomhaontaithe mar bheart a rannchuidíonn freisin le hatógáil na hÚcráine tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

(7) Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an gComhaontú go dtí an 30 Meitheamh 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leanúint leis an gComhaontú*

Leis seo, cuirtear síneadh leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive go dtí an 30 Meitheamh 2024.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*Na Comhchathaoirligh*